Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**10459/24**

**ENER 259**
**COMPET 603**
**CLIMA 219**
**PROCIV 47**
**ENV 567**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 30 Bealtaine 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10244/24 |
| Ábhar: | Bonneagar Eangaí Leictreachais Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn<br>- Conclúidí ón gComhairle: (an 30 Bealtaine 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le ‘Bonneagar Eangaí Leictreachais Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn’, mar a d’fhormheas an Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh iad ag an gcruinniú a bhí aici an 30 Bealtaine 2024.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le**

**Bonneagar Eangaí Leictreachais Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á MHEABHRÚ AICI:

- An Comhaontú Glas don Eoraip agus an cuspóir atá aige go mbeidh an tAontas aeráidneodrach faoi 2050 i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras mar a formhuiníodh sna conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí na Nollag 2019[1] agus a chumhdaítear sa Dlí Aeráide Eorpach;

- Dearbhú Versailles an 10 agus an 11 Márta 2022[2] ina leagtar béim ar an tslándáil fuinnimh agus ar dheireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise ón Rúis a luaithe is féidir, go háirithe trí idirnascadh líonraí gáis agus leictreachais na hEorpa a chríochnú agus a fheabhsú agus trí eangacha cumhachta a chomhtháthú go hiomlán ar fud an Aontais;

- Na conclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí Aibreáin 2024[3] ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé fíoraontas fuinnimh a bhaint amach lena n-éilítear imscaradh agus infheistíocht shubstaintiúil i dtaobh eangacha, stóráil agus idirnasc, i measc nithe eile;

- An Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le REPowerEU i ndáil leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú, dlús a chur leis an aistriú fuinnimh agus an margadh fuinnimh a chomhtháthú a thuilleadh[4];

[1] https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2019/12/12/european-council-conclusions-12-december-2019/
[2] https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2022/03/11/the-versailles-declaration-10-11032022/
[3] https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2024/04/18/european-council-conclusions-17-and-18-april-2024/
[4] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=COM:2022:230:FIN

- ‘Bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh’ mar atá fréamhaithe sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh;

- An fhéidearthacht atá ag na Ballstáit faoin Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite nósanna imeachta deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus na dtionscadal bonneagair is gá a shimpliú, lena n-áirítear trí ‘limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite’ a chruthú;

- Na spriocanna idirnasctha leictreachais a léirítear sa Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide[5];

- Na Gréasáin Fuinnimh Tras-Eorpacha (GTE-F), a rannchuidíonn le bonneagar trasteorann a chur in úsáid, trí thionscadail leasa choitinn agus tionscadail chomhleasa a roghnú trí bhealaí a mholadh chun nósanna imeachta um ceadú agus údarú a shimpliú agus a luathú agus cur chuige rialála oiriúnach, agus trí rochtain ar chistiú ón Aontas a chur ar fáil tríd an tsraith fuinnimh den tSaoráid um Chónascadh na hEorpa;

- An gá atá ann cás uathúil na réigiún agus na mBallstát nach bhfuil idirnasctha chomh maith céanna le réigiúin nó Ballstáit eile nó nach bhfuil idirnasctha ar chor ar bith, agus cás na réigiún agus na mBallstát forimeallach nó iargúlta, a chur san áireamh; chomh maith leo siúd atá suite ag teorainneacha seachtracha an Aontais, in aice le tíortha atá ina mbagairt dhíreach ar na Ballstáit nó ar shlándáil na hEorpa, go háirithe ó chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin;

- An Teachtaireacht ón gCoimisiún i mí na Samhna 2023 maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais le haghaidh Eangach, ina sainaithnítear dúshláin agus ina moltar gníomhaíochtaí agus moltaí saincheaptha a d’fhéadfaí a chur chun feidhme laistigh de na 18 mí chun cuspóirí 2030 an Aontais a bhaint amach[6];

[5] https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2018/1999/oj?locale=ga
[6] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=COM:2023:757:FIN

- An tuarascáil 'Measúnú Eorpach ar Rioscaí Aeráide' ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil an 11 Márta 2024 agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Márta 2024 dar teideal 'Rioscaí aeráide a bhainistiú – daoine agus rathúnas a chosaint' ina gcuirtear i dtábhacht an gá atá le pleanáil riosca aeráide na mBallstát in earnáil an fhuinnimh a neartú, ós rud é go leanfaidh an t-athrú aeráide de strus suntasach a chur ar bhonneagar fuinnimh na hEorpa;

- An Treoir maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil[7] agus an Treoir maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais (NIS II)[8];

- Na conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mhárta 2024[9], inar iarradh ar an gComhairle dul ar aghaidh leis an obair agus iarrann sí ar an gCoimisiún, in éineacht leis an Ardionadaí, gníomhaíochtaí a mholadh chun an ullmhacht agus an fhreagairt ar ghéarchéimeanna a neartú ar leibhéal an Aontais, mar chuid de chur chuige uilíoch ó thaobh guaise agus sochaí de, agus freagrachtaí agus inniúlachtaí na mBallstát á gcur san áireamh, d'fhonn straitéis ullmhachta a bhaint amach san am atá romhainn;

---

[7] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A32022L2557&qid=1716789981233
[8] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A32022L2555&qid=1716789981233
[9] https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2024/03/22/european-council-conclusions-21-and-22-march-2024/

- An tuarascáil chomhpháirteach ó ACER agus ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil i mí Dheireadh Fómhair 2023 maidir le 'Réitigh sholúbthachta chun tacú le córas leictreachais dícharbónaithe slán san Aontas'[10];

- An Plean Forbartha Gréasáin Deich mBliana 2024 agus na Pleananna Forbartha Gréasáin Eischósta a foilsíodh le déanaí;

- An Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal '*Powering a climate-neutral economy: An EU Strategy for Energy System Integration*' [Geilleagar aeráidneodrach a chumhachtú: Straitéis an Aontais Eorpaigh um Chomhtháthú Córas Fuinnimh][11] agus an Treoir[12] agus an Rialachán[13] maidir le hidrigin agus gás, ina bhfuil pleanáil níos comhordaithe agus níos comhtháite idir na hiompróirí fuinnimh difriúla agus an Treoir a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn[14];

- An Teachtaireacht ón gCoimisiún i mí Aibreáin 2024 dar teideal 'Na Idirphléití maidir le hAistriú Glan – athbhreithniú / Tionscal láidir Eorpach le haghaidh Eoraip inbhuanaithe'[15];

- An Fóram um Bonneagar Fuinnimh a bhíonn ar siúl gach bliain i gCóbanhávan agus an t-ardán tiomnaithe a dhéanfaidh faireachán rialta ar an dul chun cinn agus a thuairisceoidh ag cruinniú bliantúil an Fhóraim maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais le haghaidh Eangach a chur i gcrích;

---

[10] https://www.eea.europa.eu/publications/flexibility-solutions-to-support
[11] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=COM:2020:299:FIN
[12] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52021PC0803
[13] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=COM:2021:804:FIN
[14] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32023L2413
[15] https://commission.europa.eu/publications/clean-transition-dialogues-stocktaking-strong-european-industry-sustainable-europe_en

- Pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe 2024 atá le hullmhú ag na Ballstáit agus atá dírithe ar an ngá atá le cuspóirí, bearta agus infheistíochtaí soiléire chun eangacha leictreachais a threisiú ar an leibhéal dáileacháin agus tarchuir araon chomh maith le hidirnaisc;

- An Teachtaireacht ón gCoimisiún i mí Feabhra 2024 maidir le Sprioc aeráide 2040 na hEorpa agus an chonair chun na haeráidneodrachta faoi 2050[16] agus an measúnú tionchair a ghabhann leis, ina dtagraítear don infheistíocht in eangacha is gá mar gheall ar leictriú méadaitheach ár ngeilleagar, i measc nithe eile;

- Tuarascáil mhí Aibreáin 2024 ó Enrico Letta dar teideal '*Much more than a Market*' [I bhfad níos mó ná margadh], ina n-éilítear, i measc nithe eile, níos mó comhtháthaithe margaidh agus comhghníomhaíochta agus gréasán láidir bonneagair a thógáil lena gcumhdaítear an mhór-roinn ar fad, rud a n-éascófaí trí phleanáil chomhtháite agus cistiú ón Aontas;

- Ní thagann na conclúidí seo a leanas ón gComhairle roimh aon phlé a dhéanfar amach anseo maidir le CAI.

[16] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=COM:2024:63:FIN

I. I dtreo gréasán leictreachais Eorpach atá comhordaithe, idirnasctha agus comhtháite

1. AITHNÍONN SÍ an ról ríthábhachtach atá ag an ngréasán leictreachais Eorpach idirnasctha, comhtháite agus sioncrónaithe[17] chun córas slán, feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh, iomaíochas agus forbairt shocheacnamaíoch an Aontais a áirithiú agus chun spriocanna fuinnimh agus aeráide an Aontais a bhaint amach; LEAGAN SÍ BÉIM, i ndáil leis an méid sin, ar an ngá le comharthaí soiléire praghsála a choinneáil ar fud na mBallstát agus laistigh díobh; agus seoladh éifeachtúil sócmhainní a áirithiú;

2. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach féidir córas cumhachta Eorpach atá go hiomlán comhtháite, idirnasctha agus sioncrónaithe a bhaint amach ach amháin má úsáidtear bonneagar eangaí leictreachais an Aontais agus má úsáidtear é ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla is féidir le haghaidh malartuithe fuinnimh, lena n-áirítear trí sholúbthacht agus réitigh neamhshreangacha eile, ionas go maolófar a mhéid is féidir costais fhoriomlána an chórais a iompraíonn teaghlaigh agus cuideachtaí;

3. LEAGANN SÍ BÉIM ar na bearta cinntitheacha is gá a dhéanamh fós chun córas cumhachta Eorpach a bhaint amach a bheidh go hiomlán comhtháite, idirnasctha agus sioncrónaithe, chun slándáil an tsoláthair, athléimneacht an chórais leictreachais, agus iomaíochas agus dícharbónú a fheabhsú a thuilleadh; LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá le sainiúlachtaí na mBallstát nach bhfuil idirnasctha nó nach bhfuil nasctha, imeallacha, forimeallacha nó iargúlta go leordhóthanach a chur san áireamh; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí ábhartha Phlean Gníomhaíochta an Aontais le haghaidh Eangach a chur chun feidhme gan mhoill i ndlúthchomhar leis na gníomhaithe ábhartha uile;

---

[17] Leis na tagairtí do chóras cumhachta Eorpach atá idirnasctha, comhtháite agus sioncrónaithe, tagraítear don Limistéar Sioncrónach Ilchríochach (an tAontas um Chomhordú Tarchurtha Leictreachais, UCTE, roimhe seo) agus don chomhaontú deiridh maidir le sioncrónú leis an gCóras Baltach faoi mhí Feabhra 2025. Comhlánaíonn sé agus ní chuireann sé as an áireamh an gá atá le hidirnascadh agus comhtháthú breise a dhéanamh ar chórais shioncrónacha ar leith san Aontas, eadhon an Chipir, Éire, an Córas Nordach, agus oileáin eile san Aontas Eorpach.

4. LEAGANN SÍ BEIM ar an ngá atá le pleanáil iomlánaíoch, fhadtéarmach, chomhordaithe, fheabhsaithe agus chomhtháite maidir le bonneagar na heangaí leictreachais ar an leibhéal Eorpach, lena gcumhdófaí tréimhse 10 mbliana agus tréimhse 20 bliain araon, agus lena gcuirfí spriocanna dícharbónúcháin náisiúnta agus Eorpacha san áireamh, agus breithníonn sí tionscadail amach ón gcósta agus ar tír araon, lena n-áirítear tionscadail hibrideacha, ar gá faireachán a dhéanamh ar a ndul chun cinn chun a áirithiú go gcuirfear cuspóirí aeráide agus fuinnimh an Aontais chun feidhme go pras;

5. LEAGANN SÍ BÉIM ar a luachmhaire atá comhordú ón mbun aníos ar phleananna náisiúnta ar an leibhéal réigiúnach a chomhcheangal le cur chuige Eorpach;

6. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le hinfheistíochtaí oirchilleacha san eangach a bhreithniú chun go mbeifear in ann baic ar iarrataí ar nascadh le haghaidh saoráidí táirgthe agus solúbthachta amach anseo chomh maith le héileamh a sheachaint, agus iad á gcothromú ag an am céanna i gcoinne an riosca go bhféadfadh sócmhainní tréigthe a bheith ann;

7. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé pleanáil iomlánaíoch chomhtháite a áirithiú ar fud na n-iompróirí fuinnimh uile i bhfianaise na riachtanas fuinnimh a bheidh ann amach anseo, bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm, lena n-áiritheofaí comhordú idir leibhéil tarchurtha agus dáileacháin, agus lena gcuirfí san áireamh a thábhachtaí atá sé go mbeadh an earnáil fuinnimh saor den chuid is mó ó bhreoslaí iontaise i bhfad roimh 2050 agus a thábhachtaí atá sé córas cumhachta domhanda atá dícharbónaithe go hiomlán nó den chuid is mó a bhaint amach sna 2030idí, agus borradh a chur faoin mbonneagar leictreachais;

8. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá comhar níos láidre idir na Ballstáit agus cur chuige comhtháite idir na gníomhaithe uile sa slabhra luacha chun pleanáil agus úsáid spásúlachta a bharrfheabhsú ar an láthair agus amach ón gcósta araon; chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le pleanáil spásúil mhuirí chomhordaithe; MOLANN SÍ leas a bhaint as tionscnaimh ghaolmhara éagsúla, lena n-áirítear Tionscnamh Mhór-Imchuach na Mara Thuaidh (GNSBI), Coimisiún Heilsincí (HELCOM) agus an Coimisiún idir Osló agus Páras (OSPAR); LEAGANN SÍ BÉIM ar a ábhartha atá an comhar réigiúnach maidir le pleanáil bonneagair eangaí agus sna pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe deiridh;

9. LEAGANN SÍ BÉIM air gur cheart an gealltanas agus an maoiniú le haghaidh eangacha, lena n-áirítear ar leibhéal an Aontais agus ó mhaoiniú príobháideach, a bheith leordhóthanach agus bunaithe ar phleanáil fhadtéarmach, i gcomhréir leis an gcuspóir astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050;

10. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá rialacha an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go pras agus go dian chun muinín a mhéadú i gcóras cumhachta Eorpach a bheidh go hiomlán comhtháite, idirnasctha agus sioncronaithe chun fíor-Aontas Fuinnimh a bhaint amach, ar príomhthairbhe é don infheistíocht bhunúsach sna heangacha;

11. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit cur le tionscnaimh chun eangacha dáileacháin a neartú agus a leathnú chun fuinneamh in-athnuaite díláraithe agus acmhainní solúbtha a chomhtháthú, freastal ar éileamh nua atá nasctha leis an leictriú agus soláthar leictreachais slán a áirithiú do thomhaltóirí ar bhealach níos comhordaithe[18] agus chun tacú le scaipeadh dea-chleachtas i bpleanáil an ghréasáin dáileacháin e.g. ag Eintiteas AE do OCDanna;

12. LEAGANN SÍ BÉIM ar dhúshlán méadaitheach an phlódaithe líonra ar leibhéal an dáileacháin agus an tarchuir araon, a bhféadfadh cur chuige a bheith ag teastáil ina leith, agus i leith leathnú na heangaí freisin, lena n-áiritheofaí leordhóthanacht chomh maith le réitigh sholúbthachta;

[18] Gníomhaíocht GAP: Tacóidh Eintiteas AE do OCDanna le pleanáil eangaí OCD trí mhapáil a dhéanamh ar chruthú na bpleananna forbartha dáileacháin agus ar a gcuid saintréithe (lár 2024)

13. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i ndáil leis sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) Creat a neartú lena soláthrófar timpeallacht rialála lena gcomhlíontar ceanglais na n-uaillmhianta dícharbónúcháin a comhaontaíodh, agus infheistíochtaí oirchilleacha á n-éascú ag an am céanna;

(b) Clár oibre cur chun feidhme a cheapadh chun tacú leis na Ballstáit, agus é sin a dhéanamh i ndlúthchomhar leis na hoibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin, chun aghaidh a thabhairt ar na príomhbhacainní ar úsáid éifeachtúil agus ar leathadh amach éifeachtúil an bhonneagair leictreachais, agus chun aghaidh a thabhairt ar phlódú líonra ar na leibhéil tarchurtha agus dáileacháin, *inter alia* trí ghréasáin a fhorbairt, pleanáil riaracháin a chuíchóiriú agus nósanna imeachta ceadúcháin;

(c) An cur chuige réigiúnach i leith pleanáil bonneagair leictreachais a neartú a thuilleadh agus é a chomhcheangal le cur chuige uile-Aontais lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, le tíortha comhpháirtíochta, le peirspictíocht agus comhordú fadtéarmach trí na conairí tosaíochta, trí cheithre ghrúpa ardleibhéil[19] agus, i gcás inarb ábhartha, trí fhormáidí eile comhair réigiúnaigh;

(d) Breithniú a dhéanamh ar an leibhéal réigiúnach freisin i gcomhair dea-chleachtais i measc na mBallstát, na n-údarás rialála agus na dtionscnóirí tionscadail a mhalartú chun comhar réigiúnach[20] agus comhtháthú eangaí a chothú;

(e) Creat neartaithe a chur chun cinn chun trédhearcacht, inrianaitheacht agus maoirseacht neamhspleách iomchuí a mhéadú do phróiseas pleanála agus forbartha na heangaí tarchurtha ina iomláine tríd an struchtúr rialachais atá ann faoi láthair a neartú trí fhoráil a dhéanamh do mheasúnú agus pleanáil Eorpach ar riachtanais eangaí lena gcomhlíontar spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais agus lena mbaintear na cuspóirí dícharbónúcháin amach;

[19] BEMIP, CESEC, NSEC, Southwest Europe
[20] Mar shampla: an Fóram Cúigthaobhach um Fhuinneamh

(f) A áirithiú go bhforbrófar uirlis réamhaisnéise le haghaidh riachtanais eangaí agus na riachtanais infheistíochta nasctha ar an mbealach i dtreo na haeráidneodrachta ar leibhéal an Aontais faoi 2050 mar thoradh ar an maoirseacht neamhspleách thuasluaite, d'fhonn forbairt gréasán a éascú;

(g) Úsáid sholúbtha fuinnimh a chothú, freagairt don éileamh agus stóráil fuinnimh a threisiú agus tús a chur le machnamh ar chreat taraifí na heangaí;

14. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit feabhas a chur ar an gcomhsheasmhacht idir an plean forbartha gréasáin deich mbliana, phleananna forbartha gréasáin amach ón gcósta agus na pleananna forbartha eangaí náisiúnta agus réigiúnacha (NDPanna), chomh maith le comhsheasmhacht agus comhlántacht leis na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide;

15. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún bearnaí a mheas agus a shainaithint agus bearta a cheapadh más gá chun feabhas a chur ar an gcreat rialachais ar leibhéal an Aontais a bhaineann le pleanáil, roghnú agus cur chun feidhme an bhonneagair trasteorann, go háirithe laistigh de phróiseas an phlean deich mbliana maidir le forbairt gréasáin agus tuairimí ó ACER á gcur san áireamh;

16. IARRANN SÍ ar ENTSO-E leas a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh agus as an aiseolas a fuarthas ó na páirtithe leasmhara ina dtuairisciú ar an bplean deich mbliana maidir le forbairt gréasáin agus ar leaganacha a bheidh ann de amach anseo agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach a mhachnamh a dhéanamh ar thréimhse ama níos faide a mholadh do na pleananna forbartha gréasáin a bheidh ann amach anseo;

17. IARRANN SÍ ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) Dearadh lena gcuimsítear an dúlra a áirithiú, chun luathú agus giniúint, stóráil, solúbthacht agus leathnú éilimh fhorbairt na heangaí a réiteach le cosaint an chomhshaoil agus na bithéagsúlachta;

(b) Cur chuige duinelárnach i leith an aistrithe fuinnimh a áirithiú, agus dlúthpháirt a thabhairt do shaoránaigh, do phobail fuinnimh saoránach agus do phobail fuinnimh in-athnuaite agus bonneagar fuinnimh á fhorbairt agus féachaint arís ar nósanna imeachta um nascadh leis an eangach agus acmhainneacht rochtana ar an eangach chun cothrom iomaíochta a áirithiú le gníomhaithe eile sa mhargadh;

(c) OCTanna agus OCDanna a spreagadh agus tacú leo chun a gcomhar a neartú agus tionscadail nua ar eangacha a fhorbairt, lena n-áirítear eangacha cliste cibé áit a bhfuil gá leo, agus chun na heangacha atá ann cheana a threisiú, a chothabháil, a dhigiteáil agus a nuachóiriú chomh maith le solúbthacht a úsáid, agus an gá atá le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le haistriú ó ghiniúint fuinnimh láraithe go giniúint fuinnimh dháilte agus eadrannach á chur san áireamh ag an am céanna;

(d) A bheith tiomanta i gcónaí do thrádáil agus idirspleáchas fuinnimh trasteorann atá oscailte agus comhtháite, agus ar an gcaoi sin, áiritheofar sreafaí idirthurais ar fud na mBallstát agus na gcomhpháirtithe mar aon le margadh inmheánach leictreachais a fheidhmíonn go maith, ar margadh é is féidir a bhaint amach tríd an saorshreabhadh fuinnimh a áirithiú *inter alia* laistigh de na Ballstáit agus eatarthu;

18. IARRANN SÍ ar oibreoirí córais tarchuir agus ar oibreoirí córais dáileacháin aghaidh a thabhairt ar phlódú líonra laistigh de na Ballstáit ar na leibhéil tarchuir agus dáileacháin agus ar fud an Aontais;

II. Slándáil fuinnimh agus athléimneacht an bhonneagair fuinnimh

19. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá córas fuinnimh Eorpach atá láidir, idirnasctha, neamhspleách, iontaofa agus slán, lena gcuirtear le huathriail straitéiseach oscailte agus iomaíochas na hEorpa;

20. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur tugadh an tástáil struis ar bhonneagar criticiúil in earnáil an fhuinnimh chun críche go rathúil, bunaithe ar phrionsabail choiteanna de réir Mholadh mhí na Nollag 2022 ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe uile-Aontais chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú[21];

21. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur gá an córas fuinnimh san Eoraip a chosaint ar na bagairtí nua atá os a chomhair ó 2022. Dá thoradh sin, tá tuiscint nua ann ar shlándáil agus athléimneacht chóras fuinnimh na hEorpa agus ar an ngá atá le sraith chomhordaithe beart slándála fuinnimh;

22. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur gá reachtaíocht an Aontais lena dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna slándála, lena n-áirítear rioscaí cibearshlándála, a chur chun feidhme ar bhealach comhleanúnach éifeachtach;

23. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur den ríthábhacht í cobhsaíocht an chórais chun oibriú slán sábháilte an chórais a áirithiú agus IARRANN SÍ ar Oibreoirí Líonra, ar NRAnna nó ar na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh i gcomhréir le rialacha an mhargaidh inmheánaigh;

21

24. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún cabhrú leis na Ballstáit agus, i gcás inarb ábhartha, le páirtithe conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh slándáil an tsoláthair leictreachais a fheabhsú, agus an tslándáil fhisiciúil agus an chibearshlándáil á gcur san áireamh freisin, agus athbhreithniú spriocdhírithe a dhéanamh ar shlándáil ailtireacht sholáthar leictreachais san Aontas san fhadtéarma lena ndíreofar ar an ullmhacht riosca, agus cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, rioscaí aeráide agus cásanna ar lú an dócúlacht go dtarlódh siad agus ar ard an tionchar a bhainfeadh leo, mar aon leis na forbairtí is déanaí agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón ngéarchéim fuinnimh; AITHNÍONN SÍ na rioscaí sonracha slándála sna Ballstáit atá suite ar theorainneacha seachtracha an Aontais, a roinneann a dteorainneacha le tíortha ar bagairt dhíreach ar shlándáil na hEorpa iad.

25. IARRANN SÍ ar na Ballstáit an comhar idir na húdaráis phoiblí agus na heintitis bhonneagair a neartú ar an leibhéal náisiúnta, an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal Eorpach, chun athléimneacht an bhonneagair a chosaint ar, *inter alia*, bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear ar an leibhéal amach ón gcósta agus an leibhéal fomhuirí;

26. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit agus prionsabal na slándála trí dhearadh á chur i bhfeidhm acu agus bonneagar fuinnimh á fhorbairt acu, lena n-áirítear maidir le córais méadraithe chliste agus bonneagar cumarsáide sonraí;

27. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar na comhpháirtithe ábhartha tuilleadh feabhais a chur ar mhalartú na faisnéise ábhartha maidir le bagairtí ar bhonneagar criticiúil fuinnimh agus ar shlabhraí luacha agus maidir le tionchair shuaiteacha, lena n-áirítear ó thaobh úinéireachta de;

28. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil Measúnuithe rialta Eorpacha ar Riosca Aeráide a dhéanamh;

III. An bhearna san infheistíocht i mbonneagar na heangaí leictreachais a dhúnadh

29. AITHNÍONN SÍ na riachtanais infheistíochta nach bhfacthas a leithéid riamh cheana i ngréasáin leictreachais ar leibhéal tarchurtha agus dáileacháin araon chun córas cumhachta Eorpach atá an-idirnasctha, comhtháite agus sioncronaithe a áirithiú chun cuspóirí an Aontais maidir le dícharbónú, iomaíochas agus slándáil an tsoláthair a bhaint amach;

30. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na conclúidí ón tuarascáil a scríobh Enrico Letta maidir leis an margadh inmheánach agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról atá ag an margadh idirnasctha fuinnimh chun bearta éifeachtúla fuinnimh agus aeráide a chothú, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar na moltaí a bhaineann leis an mbonneagar fuinnimh a tugadh sa tuarascáil;

31. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuilleadh treorach a fhorbairt do na Ballstáit, do OCTanna agus do OCDanna maidir leis an úsáid is fearr a bhaint as cistí an Aontais darb ann cheana le haghaidh eangacha leictreachais tarchurtha agus dáileacháin chomh maith le tionscadail hibrideacha, agus an próiseas deonaithe do chistí SCE a dhéanamh níos inrochtana agus níos cuíchóirithe ag an am céanna;

32. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún faisnéis a chur ar fáil faoi na riachtanais infheistíochta iarbhír i ndáil le heangacha leictreachais i gcomparáid leis na cistí atá curtha in áirithe dóibh agus bealaí a lorg chun infheistíochtaí foriomlána do bhonneagar eangaí leictreachais a mhéadú;

33. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go mbeidh SCE láidir ann chun freagairt leordhóthanach a thabhairt ar na riachtanais mhéadaithe infheistíochta i dtionscadail forbartha eangaí ar tír agus amach ón gcósta agus tacú leo;

34. IARRANN SÍ ar an mBanc Eorpach Infheistíochta tionscnaimh agus uirlisí maoiniúcháin agus dí-rioscaithe a neartú a thuilleadh chun tacú le leathnú agus nuachóiriú breise na heangaí leictreachais;

35. Chun táirgeadh fuinnimh amach ón gcósta a fhorbairt ar bhealach costéifeachtach lena n-uasmhéadaítear na tairbhí foriomlána ar an leibhéal Eorpach, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé ag éirí níos ábhartha, i roinnt imchuach farraige, oibriú níos faide ná naisc ghathacha i dtreo eangach hibrideach mhogaill atá nasctha le Ballstáit éagsúla; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil dúshláin nua éagsúla ann freisin maidir le comhordú agus comhroinnt costas nó riosca idir na daoine lena mbaineann mar thoradh ar bhonneagar amach ón gcósta a fhorbairt thar na naisc ghathacha; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar na bearnaí darb ann fós agus ar cibé acu an mbeadh sé riachtanach nó nach mbeadh tuilleadh tograí cothroma agus comhréireacha a chur ar aghaidh i ndáil leis sin, sa bhreis ar chur chun feidhme na bhforálacha ábhartha;

36. TÁ SÍ AG SÚIL le torthaí na treorach ón gCoimisiún maidir le creataí infheistíochta comhoibríocha do thionscadail eangaí amach ón gcósta agus ar tír, lena n-áirítear tionscadail hibrideacha;

37. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar ENTSO-E a áirithiú go n-áireofar gnéithe neamheacnamaíocha freisin, cuir i gcás an tslándáil náisiúnta agus réigiúnach maidir le tarchur an tsoláthair agus leordhóthanacht an chórais, an t-athsheoladh, an tsolúbthacht, agus laghdú ar an tionchar ar ghás ceaptha teasa agus ar an gcomhshaol sa treoirlíne maidir le hAnailís Chostais ar Thionscadail Forbartha Eangaí;

38. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit cur chuige cuimsitheach Eorpach a fhorbairt maidir le criosanna tairisceana amach ón gcósta trí threoir a thabhairt do na Ballstáit laistigh den chreat rialála atá ann cheana, gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát agus, ag an am céanna, dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara;

39. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá an chost-éifeachtúlacht agus aistriú cóir ionas nach mbeidh tionchar díréireach ag na hinfheistíochtaí breise i mbonneagar na heangaí leictreachais ar thomhaltóirí deiridh ná ar cháiníocóirí;

IV. Scála agus luas fhorbairt an bhonneagair leictreachais

40. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé dlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe na n-eangach chun forbairt an bhonneagair leictreachais a mhéadú, agus an tionchar ar an gcomhshaol agus ar shaoránaigh á chur san áireamh i gcónaí go luath sa phróiseas agus lena linn ar bhealach lena n-áirithítear an chothromaíocht idir na heilimintí éagsúla;

41. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL IMNÍ DI an t-aga tionscanta fada a bhaineann leis na tionscadail bhonneagair atá ann faoi láthair agus molann sí go láidir iarrachtaí comhbheartaithe na mBallstát dlús a chur leis an bpróiseas sin;

42. LEAGANN SÍ BÉIM ar fhadhb na n-acmhainneachtaí teoranta monaraíochta agus na soláthraithe seirbhíse as a n-eascraíonn costais níos airde agus agaí tionscanta fada do thionscadail eangaí agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le bearta uaillmhianacha arb é is aidhm dóibh slabhra luacha Eorpach láidir a fhorbairt d'eangacha, lena gcuirfear le hiomaíochas agus neamhspleáchas straitéiseach an Aontais agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna;

43. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féidearthachtaí a fhiosrú chun infheictheacht réigiúnach nó uile-Aontais a éascú maidir le comhpháirteanna eangaí a sholáthar chun na comharthaí cearta a sheoladh don tionscal áitiúil chun borradh a chur faoi acmhainneachtaí monaraíochta; agus moltaí a sholáthar, i gcomhar leis na gníomhaithe ábhartha, maidir leis an ról a d'fhéadfadh a bheith ag sonraíochtaí agus caighdeáin chomhchuibhithe fheidhmiúla tairisceana chun dlús a chur le nósanna imeachta soláthair agus chun iad a éascú; agus sa chomhthéacs sin measúnú a dhéanamh ar an deis rialacha an Aontais maidir le soláthar poiblí a oiriúnú;

44. LEAGANN SÍ BÉIM AR ról an chaighdeánaithe maidir le dlús a chur le forbairt an bhonneagair eangaí, costais a laghdú agus infheistíochtaí a éascú chomh maith le tábhacht obair na nEagraíochtaí Eorpacha um Chaighdeánú agus go háirithe an Fóram Ardleibhéil um Chaighdeánú Eorpach atá bunaithe agus iarrann sí go gcuirfí dlús leis an obair leanúnach maidir le caighdeáin don bhonneagar leictreachais agus ról na nuálaíochta i ndáil leis sin á chur san áireamh ag an am céanna;

45. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá ann, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, leis an gcaighdeánú cliste chun dlús a chur leis na próisis táirgthe, chun suaitheadh sa slabhra soláthair a íoslaghdú agus chun a n-éifeachtúlacht a mhéadú agus infhaighteacht comhpháirteanna na n-eangach san Eoraip á háirithiú ag an am céanna; agus MOLANN SÍ don Fhóram Ardleibhéil um Chaighdeánú Eorpach moltaí agus tosaíochtaí maidir le caighdeánú a chur chun cinn;

46. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá, sa ghearrthéarma, le cleachtais choiteanna i measc na mBallstát agus laistigh díobh, chun nósanna imeachta a dhéanamh níos comhoiriúnaí agus níos idir-inoibrithí ar fud na dtionscal, lena n-áirítear le haghaidh ceadanna agus soláthair;

47. LEAGANN SÍ BÉIM AR rannpháirtíocht na dtáirgeoirí is tomhaltóirí i margadh leictreachais an Aontais agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar na riachtanais idir-inoibritheachta agus ar an deis atá ann fearais chliste a chaighdeánú ar leibhéal an teaghlaigh;

48. IARRANN SÍ ar ENTSO-E agus ar Eintiteas AE do OCDanna feabhas a chur ar an gcomhar le soláthraithe teicneolaíochta chun sonraíochtaí coiteanna teicneolaíochta a fhorbairt faoi dheireadh 2024 faoi chuimsiú comhaontú ceardlainne ó na hEagraíochtaí Eorpacha um Chaighdeánú chun feabhas a chur ar infheictheacht na dtionscadal eangaí nua atá riachtanach agus atá beartaithe, chomh maith le dea-chleachtais a scaipeadh ar leibhéal an Aontais maidir le nósanna imeachta deonaithe ceadanna;

49. IARRANN SÍ ar ENTSO-E agus ar Eintiteas AE do OCDanna measúnú a dhéanamh ar bhreisluach dearaí tairisceana feidhmiúla agus treoirlínte neamhcheangailteacha a eisiúint dá chomhaltaí bunaithe ar an measúnú sin;

50. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé tairbhí áitiúla a ghiniúint chun glacadh an phobail le heangacha leictreachais a mhéadú e.g. trí dhearadh comhshaoil a chur san áireamh; IARRANN SÍ ar na Ballstáit, i ndáil leis sin, na forálacha maidir leis na comhphobail fuinnimh in-athnuaite agus na comhphobail fuinnimh saoránach a chur chun feidhme go cuí agus páirt a ghlacadh sa Chomhshocrú Rannpháirtíochta agus é a chur chun feidhme chun faisnéis luath agus rialta agus rannpháirtíocht an phobail i dtionscadail forbartha eangaí a áirithiú chomh maith le rannpháirtíocht eintiteas áitiúil agus críoch áitiúil;

51. IARRANN SÍ go gcuirfí dlús leis na nósanna imeachta sa phróiseas deonaithe ceadanna, go ndéanfaí an nós imeachta tairisceana agus na próisis soláthair a chuíchóiriú, go bhfeabhsófaí an acmhainneacht riaracháin agus go ndéanfaí na próisis ábhartha a dhigiteáil;

52. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún bearta a mheasúnú agus a shainaithint chun dlús a chur leis na nósanna imeachta ábhartha ceadaithe do bhonneagar na heangaí leictreachais agus aird á tabhairt ar chomhleanúnachas an chreata don fhuinneamh, don dúlra agus don chomhshaol;

53. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh lucht saothair atá oilte go leordhóthanach ar fáil;

54. MOLANN SÍ do na riaracháin phoiblí sonraí le haghaidh measúnú comhshaoil a chur ar fáil chun dlús a chur leis na nósanna imeachta ceadaithe agus chun iad a éascú.